

Fógra um Bhailiú Sonraí ÚAO

Cad is sonraí pearsanta ann agus cad is oibríocht phróiseála sonraí pearsanta ann?

Ciallóidh sonraí pearsanta aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"). Is éard is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d'aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó do fhachtóir amháin nó níos mó a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiciúil, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin.

Is féidir le hoibríochtaí próiseála sonraí pearsanta a bheith i gceist le haon oibríocht nó sraith oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna sonraí pearsanta, cibé acu trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, comhairliú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar shlí eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirsciosadh nó scriosadh.

Cur síos gairid ar an ngníomhaíocht phróiseála

Imeacht maidir le cur chun cinn na Gaeilge san ardoideachas a eagrú.

Cé hé an Rialaitheoir Sonraí?

An HEA.

Cad iad na sonraí pearsanta a bhailítear?

Iarrfar ort d'fhaisnéis teagmhála a chur ar fáil, lena n-áirítear d'ainm, do sheoladh ríomhphoist agus d'eagraíocht agus, má thairgtear áit dóibh, faisnéis faoi aon riachtanais aiste bia nó forálacha rochtana a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uait.

Cé a bhfuil rochtain aige ar shonraí pearsanta na n-ábhar sonraí agus cé dó ar féidir iad a nochtadh?

Ní bheidh rochtain ach ag baill foirne an Údaráis um Ard-Oideachas a bheidh páirteach san imeacht ar do chuid sonraí, agus ní nochtfaidh siad iad d'aon tríú páirtithe.

Cá bhfuair muid do shonraí pearsanta?

Ón bhfoirm chlárúcháin.

Cad é an cuspóir agus an bunús dlíthiúil atá le do shonraí pearsanta a phróiseáil?

Is é an cuspóir atá againn leis an bhfaisnéis seo a bhailiú ná gur féidir linn an ócáid a éascú. Áirítear leis seo clárú agus freastal a láimhseáil, tuairisciú ar an imeacht, chomh maith le gníomhartha leantacha imeachta, mar shampla cur i láthair a roinnt i measc rannpháirtithe agus aiseolas a bhailiú. Cuimsíonn sé, go háirithe, liostaí agus liostaí ríomhphoist le haghaidh

teagmhálacha, cuireadh, rannpháirtithe, grianghraif/pictiúir, cur i láthair, taifeadadh fuaime agus/nó físe de chainteoirí agus rannpháirtithe, nuacht agus foilseacháin. Ní úsáidfear do shonraí pearsanta le haghaidh cinnteoireachta uathoibrithe, lena n-áirítear próifíliú.

Is é an bunús dleathach a bhfuilimid ag brath air chun do shonraí pearsanta a phróiseáil ná do thoiliú faoi airteagal 6(1)(a) den RGCS. Nuair a bhailímid aon fhaisnéis faoi riachtanais aiste bia nó rochtana, teastaíonn do thoiliú sainráite uainn freisin (faoi airteagal 9(2)(a)) toisc go ndéantar an cineál seo faisnéise a aicmiú mar shonraí catagóire speisialta.

Táimid ag brath ar do thoiliú chun na sonraí pearsanta a thugann tú dúinn a phróiseáil chun an ócáid a éascú. Ciallaíonn sé seo go bhfuil sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith. Más mian leat do thoiliú a tharraingt siar ag pointe ar bith, seol ríomhphost [chuig dataprotection@hea.ie](mailto:chuig.dataprotection@hea.ie). Má dhéanann tú sin, déanfaimid ár dtaifid a nuashonrú láithreach chun do mhianta a léiriú.

Cá fhad a choinneoidh muid do chuid sonraí?

Scríosfaimid na sonraí a fuarthas mar chuid den fhoirm chlárúcháin seo mí tar éis na hócáide. Scríosfaimid grianghraif agus físeáin ón ócáid seacht mbliana tar éis na hócáide.

Cad iad na cearta atá agat maidir le do chuid sonraí?

Tá sé de cheart agat rochtain a fháil ar do shonraí pearsanta agus a iarraidh go ndéanfaí do shonraí pearsanta a cheartú, má tá na sonraí míchruinn nó neamhiomlán; I gcás inarb infheidhme, tá sé de cheart agat srian a iarraidh nó agóid a dhéanamh i gcoinne na próiseála, cóip nó scríosadh de do shonraí pearsanta atá i seilbh an rialaitheora sonraí a iarraidh. Má tá an phróiseáil bunaithe ar do thoiliú, tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar tráth ar bith, gan difear a dhéanamh do dhlíthiúlacht na próiseála bunaithe ar do thoiliú sular tarraingíodh siar é. Déileálfar le d'iarratas ar cheann de na cearta thuas a fheidhmiú gan mhoill mhíchúí agus in aon chás laistigh de mhí amháin.

Ní bhainfimid úsáid as cinnteoireacht uathoibrithe maidir le do shonraí pearsanta riamh.

Sonraí teagmhála le haghaidh fiosrúcháin maidir le do shonraí pearsanta

Téigh i dteagmháil le dataprotection@hea.ie le do thoil le haghaidh aon cheisteanna.

Tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (dataprotection.ie)

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi do chearta, féach ar fhógra príobháideachais an Údaráis um Ard-Oideachas- <https://hea.ie/privacy-and-data-protection/>